Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2016
(OR. en)

14751/16

FISC 203
ECOFIN 1093

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Tuarascáil don Chomhairle<br>– Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 24 Samhain 2016, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle.

2. Mar is iondúil, ba cheart na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thíos iad a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

– is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Slóvaice mar a leagtar amach ina tuarascáil (14750/16 FISC 202 ECOFIN 1092);

– is mór an díol sásaimh di an obair a rinneadh chun an tríú agus an ceathrú critéar den Chód a shoiléiriú i gcomhthéacs thuarascálacha BEPS OECD maidir le Gníomhaíochtaí 5-8-9-10;

– tá sí tuillteanach a machnamh a dhéanamh ar phrionsabail chur chuige modhnaithe an chumarphointe a bhfuil cur síos orthu i dtuarascáil BEPS OECD maidir le Gníomhaíocht 5, mar thúsphointe d'obair na Meithle um an gCód Iompair maidir le córais fhabhracha seachas ticbhoscaí paitinní le linn di an tríú critéar den Chód a léiriú agus tá sí tuillteanach bunús a thabhairt leis na prionsabail sin de réir an cháis ag brath ar an gcineál córais ar mhodh atá comhsheasmhach le OECD;

– formhuiníonn sí tuarascáil BEPS OECD maidir le *Torthaí na Praghsála Aistrithe a chur ar Chomhréim le Luach a Chruthú* (Gníomhaíochtaí 8-9-10);

– iarrann sí ar an gCoimisiún Eorpach, ag baint leasa as sainghrúpa Fhóram Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh maidir le Praghsáil Aistrithe, féachaint an gá iar-threoirlínte de chuid an Aontais maidir le saincheisteanna praghsála aistrithe a athbhreithniú i bhfianaise na tuarascála BEPS seo de chuid OECD agus tuairisciú don Mheitheal um an gCód Iompair agus comhairle a chur uirthi de réir mar is cuí;

– iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint dá cuid oibre d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach, gasta agus comhordaithe phrionsabail chur chuige an chumarphointe a éascú ar leibhéal an Aontais agus cur chun feidhme éifeachtach, gasta agus comhordaithe prionsabal eile a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta amhail prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a d'fhorbair OECD a éascú tríd an tríú agus tríd an gceathrú critéar;

– tá sí toilteanach athruithe ar Threoirlínte OECD maidir le Praghsáil Aistrithe a chur san áireamh chun prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta a léiriú mar phointe tagartha lárnach don cheathrú critéar den Chód;

– tacaíonn sí le tuilleadh oibre ó OECD maidir le saincheisteanna praghsála aistrithe, i measc rudaí eile, an modh trasghníomhaíochta scoilte brabúis;

– is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh i ndiaidh na gconclúidí ó Ecofin i mí na Samhna maidir leis na tríú tíortha a bheidh le húsáid sa phróiseas scagtha a aithint agus iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint den obair sin;

– is díol sásaimh di an comhaontú maidir le treoirlínte a bhaineann le saincheisteanna nós imeachta i ndáil le bearta cánach a fhógairt agus maidir le treoirlínte i leith na gcoinníollacha agus na rialacha chun rialuithe cánach a eisiúint;

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint den obair faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;

– iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé le Lichtinstéin maidir le prionsabail an Chóid Iompair a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa tuarascáil;

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar ailíniú chórais na dticbhoscaí paitinní i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe;

– iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht Mhálta".

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an tuarascáil (14750/16 FISC 202 ECOFIN 1092) a chur chuig an gComhairle i dteannta na ndréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas;

– a mholadh don Chomhairle an dá cheann acu a fhormheas mar mhír "A" ar a clár oibre.